# *Mo Scéal:* Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil - Comhaontú um chomhroinnt sonraí

Comhaontú um Chomhroinnt Sonraí is ea an doiciméad seo is féidir le réamhscoileanna agus bunscoileanna a úsáid chun aontú faoi chóipeanna de thuairiscí *Mo Scéal* na bpáistí a chomhroinnt eatarthu. Déantar achoimre ann ar fhreagrachtaí cosanta sonraí gach aon suímh acu.

**An Réamhscoil** ______________________________

**An Bhunscoil** ______________________________

**Cúlra**

1. Is mian leis na páirtithe thuas eolas áirithe a chomhroinnt lena chéile (lena n-áirítear sonraí pearsanta), eolas a bhaineann le foghlaim agus le forbairt páistí atá ag dul ar aghaidh chuig na Naíonáin Shóisearacha ("Sonraí Comhroinnte"). Tá an t-eolas seo le fáil i dtuairisc gach páiste *Mo Scéal: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil* chun na críche seo (an "Cuspóir Comhaontaithe"). Cuireann na páirtithe a dhéanann an Comhaontú seo oibleagáidí a chéile san áireamh faoi mar atá leagtha amach thíos.

**Oibleagáidí na Réamhscoile**

2. Cinnteoidh an Réamhscoil go mbeidh cead sainráite acu ó thuismitheoirí/ó chaomhnóirí na bpáistí go léir a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á chomhroinnt leis an mBunscoil ar mhaithe leis an gCuspóir Comhaontaithe.

**Oibleagáidí na Bunscoile**

3. Glacann an Bhunscoil freagracht iomlán uirthi féin as na hoibleagáidí a chomhlíonadh chun eolas a sholáthar do pháistí agus dá dtuismitheoirí/dá gcaomhnóirí, a bhaineann le próiseáil Sonraí Comhroinnte ar mhaithe leis an gCuspóir Comhaontaithe.

# *Mo Scéal:* Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil - Comhaontú um chomhroinnt sonraí

**Comh-oibleagáidí**

4. Cinnteoidh na páirtithe go bhfuil bunús dlíthiúil bailí ag gach ceann acu chun na Sonraí Comhroinnte le haghaidh an Chuspóra Chomhaontaithe a phróiseáil de réir na reachtaíochta cosanta sonraí agus r-phríobháideachta (“Reachtaíocht um Chosaint Sonraí”).

5. Beidh gach páirtí freagrach, mar chomhrialaitheoir, as an bpróiseáil a dhéanann siad féin ar na Sonraí Comhroinnte, rud a chiallaíonn go socróidh siad le chéile na cuspóirí agus na modhanna próiseála a bhaineann leis na Sonraí Comhroinnte. Caithfidh gach páirtí a chuid oibleagáidí faoi seach a chomhlíonadh mar chomhrialaitheoir faoin Reachtaíocht um Chosaint Sonraí maidir leis na Sonraí Comhroinnte. Is éard atá sa Chomhaontú seo comhshocraíocht comhrialaitheoirí na bpáirtithe dá dtagraítear in Alt 26 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Má dhéanann ceachtar páirtí Sonraí Comhroinnte a phróiseáil seachas le haghaidh an Chuspóra Chomhaontaithe is mar rialaitheoir neamhspleách a dhéanfar é sin.

**Ginearálta**

6. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an dáta a shíneofar é agus leanfaidh sé i bhfeidhm chomh fada agus a chomhroinnfear Sonraí Comhroinnte idir na páirtithe, mura n-aontaíonn siad i scríbhinn deireadh a chur leis an gComhaontú seo.

7. Déanfar an Comhaontú seo a rialú agus a fhorléiriú de réir dhlíthe na hÉireann, agus beidh sé faoi réir dhlínse eisiach chúirteanna na hÉireann.

**Arna aontú ag:**

**Ar son agus thar ceann na réamhscoile**

______________________________ **Dáta:**

**Ar son agus thar ceann na bunscoile**

______________________________ **Dáta:**